Irish translation of:
Immunisation for babies up to 15 months of age.

Imdhíonadh fá choinne leanbán
suas go 15 mhí d’aois

Brollach
Is do thuismitheoirí a bhfuil leanbáin suas go 15 mhí d'aois acu atá an treoir seo. Cuireann sí eolas ar fáil fá choinne na n-imdhíontaí gnáthaimh a thugtar do leanbáin chun iad a chosaint ó ghalair thromchúiseacha in aois an pháiste. Cuireann sí síos fá choinne na ngalar seo fosta agus míníonn cad chuige a mbíonn feidhm ag páistí ar chosaint ina gcoinne.

Déantar an clár imdhíonta a athbhreithniú go rialta le cinntiú go ndéantar an chosaint is éifeachtúla i gcoinne galar inchoiscthe a thairiscint do pháistí. Áirítear leis an bhileog seo athruithe ar an chlár ar na mallaibh, mar atá:

- tabhairt isteach vacsaíne úire niúmacocúla ag dhá mhí is ceithre mhí, le teanndáileog ag 15 mhí;

- athruithe ar uainiú na n-imdhíontaí meiningítis C, le teanndáileog a thabhairt ag 12 mhí;

- teanndáileog de vacsaín Hib a thabhairt ag 12 mhí.

Rinneadh na hathruithe seo ós rud é go bhfuiltear i ndéidh vacsaíní úra a chur ar fáil agus go dtaispeánann taighde go dtugann na vacsaíní atá ann i láthair na huaire ag amanna difriúla feabhas ar chosaint.

“Is iad an dá eadarghabháil a d’fhág an rian is mó ar shláinte an domhain ná uisce glan is vacsaíní.”
Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Cad is imdhíonadh ann?
Is é imdhíonadh an dóigh is fearr is is sábháilte chun cuidiú leat nach n-éireoidh do leanbán tinn ó ghalair thógálacha éagsúla. Tugtar imdhíontaí ar a dtugtar vacsaíní do leanbáin, a spreagann an cholainn chun antasubstaint a tháirgeadh. Is éard is antasubstaint ann ná cosaint nádúrtha na colainne chun troid in éadan galar tógálacha. Cuidíonn imdhíonadh chun an cholainn a choinneáil réidh chun troid in éadan an ionfhabhtaithe más rud é go dteagmhaíonn an páiste leis an ghalar.

Cad chuige a mbíonn feidhm againn ar imdhíonadh?

Ar fud an domhain, faigheann corradh agus 14 mhilliún duine bás de thairbhe galar tógálacha achan bhliain. D'éirigh an mhórchuid de na galair seo iontach annamh i dTuaisceart Éireann agus thiocfadh sé nár mhothaigh tú ach fíorbheagán fána dtaobh. Tá said éirithe annamh le linn go bhfuil leibhéil thógála chomh hard sin againn le vaicsínithe againn agus go mbíonn na vacsaínithe iontach maith chun fáil réidh leis na galair. Ina dhéidh sin, tá siad coitianta go fóill in áiteanna eile sa domhan agus le breis taistil go tíortha iasachta, thiocfadh leo a bheith tugtha ar ais go Tuaisceart Éireann agus gabháil i bhfeidhm ar pháistí ar bith nach bhfuil vacsaíniú faighte acu.

Tá sé tábhachtach nach ndéanann muid dearmad ar chomh tromchúiseach is a thig leis na galair seo a bheith. Is iad na leanbáin óga is leochailí do na hionfhabhtuithe seo, agus is é sin is siocair go gcaithfear cosaint a thabhairt díofa chomh luath agus is féidir. Glacann sé traidhfil instealltaí chun cosaint iomlán a thabhairt do do leanbán, mar sin tá sé tábhachtach go gcuirtear críoch ar an chúrsa. Má chailleann do leanbán aon chionn de na hinstealltaí seo, tig leofa breith suas fós, fiú má bhíonn bearnaidh fhada ann. Díreach iarr ar dhochtúir an teaghlaigh nó ar chuairteoir sláinte an dáileog a chaill said a thabhairt díofa. Ní gá díofa toiseacht ar an chúrsa arís ón toiseach.

Tá roinnt galar atá níos cosúla a bheith níos tromchúisí i bpáistí níos sine – mar sin tá sé tábhachtach cinntiú go dtugtar vacsaínithe teanndáileoige díofa.

Má bhíonn ceisteanna ar bith agat fá dtaobh d'imdhíonadh, labhair le do dhochtúir teaghlaigh, d'altra cleachtaidh nó do chuairteoir sláinte. Tig leat tadhall ar www.immunisation.nhs.uk nó www.dhsspsni.gov.uk/immunisation fosta.

Na vacsaíní fá choinne leanbán

Vacsaín DTaP/IPV/Hib

Tugann an vacsaín seo cosaint in éadan diftéire (D), teiteanais (T), an treacha (P), polaimiailítis (Vacsaín Polaimiailítis Dhíoghníomhaithe – IPV) agus Haemophilus influenzae type b (Hib). Tugtar an chuid a bhaineann le polaimiailíteas san instealladh céanna seachas de bhéal anois.

Ba cheart go mbeadh vacsaín DTaP/IPV/Hib ag do leanbán in aois dhá, trí is ceithre mhí dó.

Tabharfar teanndáileog Hib (le MenC) do do pháiste in aois 12 mhí, agus teanndáileog in éadan diftéire, teiteanais, an treacha agus polaimialilítis sula dtoisíonn siad ar scoil. Gheobhaidh siad teanndáileog sa bhreis in éadan teiteanais, diftéire is polaimiailítis eadar aois 14 is 18.

Goidé chomh héifeachtúil agus atá vacsaín DTaP/IPV/Hib?

Tugann taighde le fios go mbíonn vacsaín DTaP/IPV/Hib iontach éifeachtúil chun do leanbán a chosaint ó na cúig galair thromchúiseacha seo. Ach, bíonn feidhm

ar na teanndáileoga a chuirtear in iúl shuas chun an chosaint seo a shíneadh de réir mar a fhásannn do pháiste aníos.

Cad iad na galair a gcuirfidh vacsaín DTaP/IPV/Hib cosc orthu?

Diftéire

Is galar tromchúiseach é diftéire atá in innimh fadhbanna análaithe a tharraingt go gasta. Tig léi an croí is an néarchóras a mhilleadh agus, i gcásanna tromchúiseacha, tig leis marú. Sular tugadh isteach an vacsaín in éadan diftéire, bhí oiread is 1,500 de chásanna den diftéir achan bhliain i dTuaisceart Éireann.

Teiteanas

Is galar pianmhar é teiteanas a ghabhann i gcion ar na matáin agus atá i ndán fadhbanna análaithe a tharraingt. Tarlaíonn sé nuair a ghabhann ginidíní a fhaightear san ithir agus in aoileach isteach don cholainn fríd ghearrthacha foscailte nó dhónna. Gabhann an teiteanas i gcion ar an néarachas agus tig leis marú. Ní féidir é a chur ar aghaidhe ó dhuine go duine.

An triuch

Is galar é an triuch atá in innimh babhtaí fada de chasachtaigh is de thachtadh a tharraingt, rud a fhágann doiligh é anáil a tharraingt. Tig leis maireachtáil suas go 10 seachtainí. Tig leis a bheith iontach tromchúiseach do pháistí óga agus fiú leanbáin faoi bhun bliana amháin d'aois a mharú. Sular tugadh isteach an vacsaín in éadan an treacha, tuairiscíodh oiread is 3,500 de chásanna den triuch achan bhliain i dTuaisceart Éireann.

Polaimiailíteas

Is víreas é polaimiailíteas a ionsaíonn an néarchóras agus atá i ndán pairilis bhuan a thabhairt ar na matáin. Má imríonn sé rian ar mhatáin an chliabhraigh nó na hinchinne, tig le polaimiailíteas marú. Sular tugadh isteach an vacsaín in éadan polaimiailítis, tharla oiread is 1,500 de chásanna den pholaimiailíteas pairiliseach achan bhliain i dTuaisceart Éireann.

Hib

Is ionfhabhtú é Hib atá i ndán traidhfil mórthinneas ar nós nimhiú fola, niúmóine is meiningíteas a tharraingt. Tig leis na tinnis seo uilig marú mura ndéantar iad a chóireáil go gasta. Ní thugann vacsaín Hib cosaint don leanbán ach amháin in éadan cineáil amháin de mheiningíteas (Hib). Ní thugann sí cosaint in éadan cineáil ar bith eile den mheiningíteas.

Fo-iarsmaí vacsaín DTaP/IPV/Hib

Ní bheidh fo-iarsmaí ar bith ar an mhórchuid de leanbáin, ach ní hionann achan leanbán. Thiocfadh go dtógfadh do leanbán féin cuid de na fo-iarsmaí seo a leanas, a bhíonn éadrom de ghnáth:

- greannaitheacht suas do 48 uaire i ndéidh t-instealladh a fháil;
- fiabhras éadrom;

- meall beag ag láthair an insteallta. Thiocfadh go maireadh sé se ar feadh traidhfil seachtainí agus imeoidh sé as de réir a chéile.

Más rud é gur dóigh leat go raibh frithghníomh ar bith eile ag do leanbán in éadan vacsaín DTaP/IPV/Hib agus gur cúis imní duit é, labhair fá dtaobh de le do dhochtúir, d'altra cleachtaidh nó do chuairteoir sláinte.

Tig le tuismitheoirí is cúramóirí fo-iarsmaí amhrasta ag vacsaíní is leigheasanna a thuairisciú fosta fríd Scéim na gCártaí Buí. Is féidir é seo a dhéanamh ar line fríd thadhall ar www.yellowcard.gov.uk nó scairt ar line na gCártaí Buí ar shaorfón 0808 100 3352 (le fail Dé Luain go Dé hAoine 10.00rn go 2in).

Frithghníomhartha ailléirgeacha
Iontach annamh, tig le vacsaín frithghníomh ailléirgeach a tharraingt, leithéid is gríos nó tochas a imríonn tionchar ar chuid den cholainn nó ar iomlán na colainne. Níos annamh fós, thiocfadh frithghníomh tromchúiseach a bheith ar pháistí taobh istigh de dhornán bomaití i ndéidh an imdhíonta, rud a bhíonn ag tarraingt fadhbanna le hanalú is fiú titim. Is éard a thugtar air seo ná anaifiolacsas. Tá tugtha le fios ag taighde ar na mallaibh go dtuairiscítear cás amháin d'anaifiolacsas ina chóir de leathmhilliún instealladh a thugtar. Cé gur cúis imní iad frithghníomhartha ailléirgeacha, tig athshlánú gasta is iomlán de thairbhe cóireála.

Taomanna
Go hiontach annamh, d'fhéadfadh taom teacht ar leanbáin lá nó dhó i ndéidh dó vacsaín DTaP/IPV/Hib a fháil. De ghnáth, bíonn sé seo gaolta le teocht iontach ard. Má bhaineann taom do do leanbán féin, cuir fios ar do dhochtúir láithreach bonn. De ghnáth, déanann leanbáin athshlánú ó thaomanna go gasta is go hiomlán. Féadfaidh taomanna teacht ar leanbáin óga ag am ar bith, mar sin ní gá go mbeadh taom i ndéidh díofa vacsaín a fháil a bheith nasctha leis an vacsaín. Déanfaidh do dhochtúir féin cinneadh an tig le do leanbán breis dáileoga den vacsaín a fháil. Má chuireann tú an t-imdhíonadh siar, tig leis cur leis an tseans go mbeidh taom ar do leanbán i ndéidh DTaP/IPV/Hib cionn is ní bhíonn taomana de thairbhe teochta airde chomh coitianta sa chéad sé mhí den bheatha. Tá sé tábhachtach mar sin cinntiú go bhfaigheann do leanbán vacsainiú san aois cheart.

Vacsaín niúmacocúil (PCV)
Tugann an vacsaín seo cosaint in éadan cinn de na cúiseanna is coitianta leis an mheiningíteas agus fosta in éadan riochtaí eile ar nós ionfhabhtú tromchúiseach cluaise (otitis media) agus niúmóine a bhíonn na cineálacha is coitianta de bhaictéir niúmacocúla ag tarraingt. Tig le meiningíteas, ionfhabhtuithe cluaise is niúmóine a bheith á dtarraingt fosta le cineálacha eile de bhaictéir niúmacocúla nach bhfuil chomh coitianta céanna agus i mbaictéir is víris eile. Ní thabharfaidh an vacsaín seo cosaint in éadan na n-ionfhabhtuithe eile seo.

Ba cheart go mbeadh imdhíonadh PCV ag do leanbán in aois dhá, ceithre is 15 mhí.

Cad is ionfhabhtú niúmacocúil ann?
Tá ionfhabhtú niúmacocúil ar chionn de na cúiseanna is coitianta le meiningíteas ach bíonn ionfhabhtuithe tromchúiseacha cluaise (otitis media), niúmóine agus traidhfil tinneas eile á dtarraingt aige fosta.

Fo-iarsmaí PCV
As achan 10 leanbán a fhaigheann imdhíonadh, d'fhéadfadh at, deirge nó frithireacht baint do dhuine nó bheirt acu ag láthair an insteallta nó fiabhras éadrom a fháil. Go hiontach annamh, tig le vacsaín frithghníomh ailléirgeach a tharraingt.

Vacsaín MenC

Tugann an vacsaín seo cosaint in éadan ionfhabhtaithe le grúpa meiningeacocúil C (MenC) ar cineál baictéir é atá i ndán meiningíteas is seipticéime (nimhiú fola) a tharraingt. Ní thugann vacsaín MenC cosaint in éadan meiningítis a tharraing baictéir ná víris eile.

Ba cheart go mbeadh imdhíonadh MenC ag do leanbán in aois trí no ceithre mhí.

Tabharfar teanndáileog MenC do do leanbán (le Hib) in 12 mhí d'aois.

Cad iad meiningíteas is seipticéime?
Is athlasadh (at) ar líneáil na hinchinne é meiningíteas. Is nimhiú fola é seipticéime. D'fhéadfadh na ginidíní céanna a bhíonn ag tarraingt an mheiningítis seipticéime a tharraingt. Is iad leanbáin agus daoine óga 15 go 17 mbliain d'aois an grúpa meiningacoocúil is mó atá faoi riosca meiningíteas nó seipticéime a ghabháil.

Goidé chomh héifeachtúil agus atá vacsaín MenC?
Ó tugadh isteach vacsaín MenC, tá laghdú de thart fá 95% tagtha ar lion na leanbán fá bhliain amháin d'aois a bhfuil galar grúpa C orthu. Tá thart fá 9 de 10 leanbán cosanta leis an vacsaín seo chomh luath agus a thugtar díofa í.

Tá meiningíteas agus seipticéime iontach tromchúiseach beirt. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn tú na comharthaí is na hairí agus go mbíonn a fhios agat goidé a dhéanfaidh tú nuair a chíonn tú iad.

Fo-iarsmaí vacsaín MenC
D'fhéadfadh at, deirge nó frithireacht a bheith ar do leanbán san áit ina raibh an t-instealladh aige. Thiocfadh go n-éireoidh thart fána leath de na leanbáin ar fad a fhaigheann an vacsaín greannaitheach agus d'fhéadfadh fiabhras éadrom teach ar thart fá chionn amháin as fiche. Go hiontach annamh, tig le vacsaín frithghníomh ailléirgeach a tharraingt.

Vacsaín Hib/MenC

Beidh feidhm ag do leanbán ar dháileog de vacsaín Hib/MenC chun é a chosaint in éadan ionfhabhtuithe ó chineál b de Hemophilus influenzae (Hib) is C meiningacocúla a threisiú. Cuireann an teanndáileog seo cosaint fhadtéarmach ar fáil le linn aois an pháiste in éadan dá chúise le meiningíteasm is seipticéime.

Ba cheart go mbeadh an teanndáileog de vacsaín Hib/MenC ag do pháiste in aois 12 mhó dó.

Fo-iarsmaí teanndáileog Hib/MenC

D'fhéadfadh at, deirge nó frithireacht a bheith ar do leanbán san áit ina raibh an t-instealladh aige. Thiocfadh go n-éireoidh thart fána leath de na leanbáin ar fad a fhaigheann an vacsaín greannaitheach agus d'fhéadfadh fiabhras éadrom teach tar thart fá chionn amháin as fiche. Go hiontach annamh, tig le vacsaín frithghníomh ailléirgeach a tharraingt.

Vacsaín MMR

Déanann MMR do pháiste a chosaint in éadan bruitíní, leicní is bruitíní deirge.

Ba cheart go mbeadh imdhíonadh MenC ag do leanbán in aois thart fá 15 mhí.

Gheobhaidh do pháiste teanndáileog de MMR sula dtoisíonn siad ar scoil.

Seolfar eolas chugat fá dtaobh de MMR is theanndháileog MMR gu gairid sula mbíonn ar do pháiste na vacsaíní a fháil. Má bhíonn eolas de dhíobháil ort roimhe sin, amharc ar na láithreáin www.dhsspsni.gov.uk/immunisation nó www.immunisation.nhs.uk nó ná bíodh aon leisce ort ceist a chur ar do chuairteoir sláinte.

Ceisteanna coitianta fá dtaobh d'imdhíonadh

Goidé chomh luath i ndéidh an vacsainíthe agus a thig liom mo leanbán a thabhairt a shnámh?

Tig leat do leanbán a thabhairt a shnámh am ar bith, an dá chuid sula bhfaigheann siad an vacsainiú agus ina dhéidh. In éadan bharúil choitianta na ndaoine, ní bheidh feidhm ag do leanbán ar ionfhabhtuithe ar bith sula ngabhann said a shnámh.

An bhfuil dóigheanna ar bith eile ann le mo leanbán a imdhíonadh?

Níl dóigh ar bith eile atá cruthanta éifeachtach ann le do leanbán a imdhíonadh. Féachadh leigheas hoiméapatach mar dhóigh eile le cosaint in éadan an treacha, ach ní oibríonn sé. Tugann Comhairle Dáimh na Hoiméapaite (an eagraíocht chláraithe fá dtaobh de dhochtúirí atá cáilithe i hoiméapaite) an

chomhairle do thuismitheoirí imdíonadh a thabhairt dá gcuid clainne le gnáthvacsaíní.

Nach ndéanfaidh tabhairt go leor vacsaíní do mo leanbán sam am céanna rólódáil ar a c(h)óras imdhíonachta?

Ní dhéanfaidh. Ó am breithe, bíonn córais imdhíonachta leanbán á gcosaint ó na ginidíní a bhíonn thart timpeall orthu. Ach ab é an chosaint seo, ní bheadh leanbáin ábalta sracadh leis na mílte de bhaictéir is de víris a chlúdaíonn an craiceann, an tsrón, an sceadamán is na stéigeacha. Coinníonn an chosaint seo uirthi i rith a mbeatha.

De réir teoirice, thiocfadh le leanbán freagra a thabhairt go héifeachtach ar thart fá 10,000 de vacsaíní ag am ar bith. Mar sin tig le córas imdhíonachta an leanbáin glacadh go réidh leis an lion vacsaíní a thugtar le linn imdhíonta de ghnáth.

Mhothaigh mé go bhfuil mearcair i vacsaíní

Ní bhaintear feidhm tuilleadh as mearcair i vacsaíní sa ghnáthchlár imdhíonta le linn aois an pháiste. Baineadh feidhm as codán beag bídeach le corradh le 60 bliain le cuidiú chun vacsaíní a chaomhnú. I rith an ama seo, ní raibh fianaise ar bith ann riamh go ndearna sé díobháil ar bith. Ina dhéidh sin, táthar i ndéidh na feidhme a thabhairt as de réir a chéile mar chuid den sprioc domhanda chun nochtadh le mearcair ó fhoinsí inseachanta a laghdú.

An bhfuil ábhair ar bith ann gan imdhíonadh a thabhairt do mo leanbán?

Tá beagán ábhar ann gan imdhíonadh a thabhairt do leanbáin. Ba cheart duit do chuairteoir sláinte, do dhochtúir teaghlaigh nó d'altra cleachtaidh a chur ar an eolas más rud é go raibh cionn ar bith acu seo ar do leanbán:

- teocht iontach ard nó fiabhras;
- drochfhrithghníomh in éadan imdhíonta ar bith;
- ailléirge thromchúiseach in éadan ní ar bith;
- neamhord fuilithe;
- trithí nó taomanna;
- cóireáil fá choinne ailse;
- tinneas ar bith a imríonn rian ar an chóras imdhíonachta (m.s leoicéime, VEID nó SEIF);

- gur ghlac sé míochaine ar bith a imríonn rian ar an chóras imdhíonachta (m.e dáileog ard de stearóidí no cóireáil a thugtar i ndéidh trasphlanduithe orgán nó fá dtaobh d’ailse);

- tinneas tromchúiseach ar bith eile.

Ní fhágann said seo i dtólamh nach féidir do leanbán a imdhíonadh ach cuidíonn sé má bheartaíonn do dhochtúir nó d'altra cad iad na h-imdhíontaí is fearr fá choinne do leanbáin agus an mbeidh feidhm acu ar comhairle ar bith eile a thabhairt duit. Ní hábhar é riamh tinneas a bheith sa teaghlach gan leanbán a imdhíonadh.

Cad a tharlaíonn má thig teocht ard ar mo leanbán i ndéidh dó imdhíonadh a fháil?

Is annamh fo-iarsmaí de thairbhe vacsaíní, de ghnáth bíonn siad éadrom agus imíonn siad go gasta. D’fhéadfadh leanbáin áirithe teocht ardaithe nó fiabhras (os cionn 37.5°C) a fháil. Má airíonn éadan do leanbáin te le teagmháil agus má bhíonn cuma na deirge air, is é is dócha go bhfuil fiabhras orthu. D’fhéadfá an teocht a sheiceáil le teirmiméadar.

Bíonn fiabhras measartha coitianta i measc leanbán is tachrán. Is minic a ghabhann said le hinfhabhtuithe. Ó am go chéile, tig le fiabhras taom a thabhairt ar leanbán. Tig le fiabhras ar bith é seo a tharraingt, bíodh an fiabhras ann de thairbhe infhabhtaithe nó vacsaíne. Mar sin, tá sé tábhachtach fios a bheith agat goidé é atá le déanamh agat más rud é go mbíonn fiabhras ar do leanbán. Cuimhnigh, is minicí fiabhrais á dtarraingt de thairbhe na ngalar seachas na vacsaíní.

An dóigh le fiabhras a chóireáil

1. Coinnigh do leanbán fionnuar fríd chinntiú:

- nach mbíionn barraíocht sraitheanna d’éadach ná de bhlaincéid á gcaitheamh acu;
- nach mbíonn an seomra ina bhfuil said ró-the (níor cheart dó a bheith fuar ach an oiread, díreach go deas fionnuar).

2. Tabhair díofa neart dí fionnuaire.

3. Tabhair díofa paraicéiteamól nó iobúpróiféin fá choinne tachrán (iarr saor ó shiúchra iad). Léigh an treoir ar an bhuidéal go faichilleach agus tabhair do do leanbán an dáileog a fhóireann don aois ina bhfuil sé. Féadfaidh go mbeidh ort dáileog eile a thabhairt díofa ceithre nó sé d'uaire níos moille.

Cuimhnigh, ná tabhair miochais ina bhfuil aspairín do pháistí fá bhun 16 bhliain d’aois ariamh.

Cuir scairt ar an dochtúir láithreach más rud é go mbíonn cionn ar bith acu seo ar do pháiste:

- teocht iontach ard nó fiabhras (39°C nó níos airde);
- taom.

Más rud é go n-éiríonn taom do do pháiste, cuir ina luí ar an chliathán in áit shábháilte iad cionn is go dtiocfadh go ndéanfaidh an cholainn preab nó bíogadh.

Ag aithint meiningítis is seipticéime

Tugann vacsaín MenC, vacsaín Hib agus an vacsaín niúmacocúil cosaint in éadan trí cineáil de mheiningíteas is de sheipticéime (nimhiú fola). Tá cineálacha eile ann gan vacsaíní ar bith fána gcoinne agus mar sin tá sé tábhachtach súil a choinneáil amach go fóill fá choinne comharthaí is airí.

Tig le meiningíteas athlasadh ar líneáil na hinchinne a tharraingt. Tig leis na ginidíní céanna nimhiú fola (seipticéime) a tharraingt fosta. Tig le leanbán nó páiste a bhfuil meingíteas nó seipticéime air éirí iontach tinn taobh istigh d'uaire an chloig. Gan chóireáil, tig leis an dá ghalar a bheith marfach. Bíonn luath-airí an mheiningítis éadrom agus cosúil leis na cinn a fhaigheann tú le slaghdáin is fliú, dálta teochta ardaithe (37.5°C agus níos airde), cancar, urlacan is diúltú ithe. Ach liostáiltear anseo thíos cuid de na comharthaí is tábachtachaí dá bhfuil ann.

I **leanbáin**, áirítear le príomhairí **meiningítis**:

- caoineadh ard;
- a bheith cancrach nuair a phioctar suas iad;
- tobar baithise bolgach;
- a bheith codlatach is gan a bheith chomh freagrúil – doiligh iad a dhúiseacht;
- a bheith flapach is spadánta nó rite le cora sracacha;
- ag diúltú bia, ag urlacan;
- craiceann atá meathbhán, balscóideach nó ag éirí gorm;
- fiabhras.

Agus áirítear le príomhairí **seipticéime**:

- analú mear nó neamhghnách;
- craiceann atá meathbhán, balscóideach nó ag éirí gorm;
- fiabhras le lámha is cosa fuara;
- crith;
- ag urlacan, ag diúltú ithe;
- baill dhearga nó chorcra nach n-imíonn as fá bhrú (déan tástáil an ghloine a mhínítear thíos);
- pian nó greannaitheacht ó chráphian sna matáin nó pian ghéar sna géaga is sna hailt;
- flapacht;
- neamhchodlatacht ghéar.

Má dhéantar timbléar gloine a bhrú go daingean in éadan grís sheipticéimigh, ní imeoidh an gríos as. Beidh tú ábalta an gríos a fheiceáil fríd an ghloine. Má tharlaíonn sé seo, iarr cuidiú ar dhochtúir láithreach.

I measc **páistí níos sine**, **déagóirí** agus **daoine i mbun a méid**, áirítear le príomhairí **meiningítis**:

- muinéal righin (seiceáil an tig leofa na glúnta a phógadh nó clár an éadain a theagmháil leis na glúnta);
- tinneas cinn iontach dona (ní hábhar leis féin é seo chun cuidiú leighis a iarraidh);
- gráin ar sholais gheala;
- urlacan;
- fiabhras;
- a bheith codlatach, gan a bheith chomh freagrúil nó ina chíor thuathail;
- gríos.

Agus áirítear le príomhairí **seipticéime**:

- a bheith codlatach, gan a bheith chomh freagrúil, folamh nó ina chíor thuathail (comhartha mall i seipticéime);
- pianta is crá géar sna géaga, sna lámha is sna hailt;
- lámha is cosa iontach fuar;
- crith;
- analú mear;
- baill dhearga nó chorcra nach n-imíonn as fá bhrú;
- urlacan;
- fiabhras;
- an bhuinneach nó crampaí sa ghoile.

Is tábhachtach cuimhneamh nach n-éireoidh na hairí seo uilig d'achan duine. Má thig cuid de na hairí seo ar dhuine, go háirithe baill dhearga nó chorcra, iarr cuidiú leighis **láithreach bonn**. Mura tig leat teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir nó má bhíonn imní ort fós fá dtaobh de comhairle a fháil, tabhair leat do pháiste go roinn na héigeandála san otharlann is deise duit.

Cá háit an bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Cuireann Foras Taighde Meiningítis agus Iontaobhas Meniningítis eolas fá dtaobh mheiningíteas ar fáil beirt.

Cuir scairt ar líne chabhrach 24 uaire Fhoras Taighde Meiningítis in aisce ar 080 8800 3344 nó tadhaill ar an láithreán Gréasáin ag t www.meningitis.org

Cuir scairt ar líne chabhrach 24 uaire Iontaobhas Meiningítis in aisce ar 0800 028 1828 nó tadhaill ar an láithreán Gréasáin ag www.meningitis-trust.org

Tig leat comhairle a iarraidh ar do dhochtúir, d'altra cleachtaidh nó do chuairteoir sláinte fosta.

Gnáthchlár imdhíonta le linn aois an pháiste

An t-am le n-imdhíonadh	Déanann vacsaí na ngalar cosaint in éadan	Mar a thugtar é
2 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Ionfhabhtú niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin
3 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin
4 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Meiningíteas C Ionfhabhtu niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin Instealladh amháin
12 mhí d'aois	Hib is meiningíteas C	Instealladh amháin
15 mhí d'aois	Bruitíneach, leicneach is bruitíneach dhearg Ionfhabhtú niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin
3 go 5 bhliain d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch is polaimiailíteas Bruitíneach, leicneach is bruitíneach dhearg	Instealladh amháin Instealladh amháin
Cailíní 12 go 13 bhliain d'aois	Ailse cheirbheacsach arna tarraingt le cineálacha 16 is 18 de shineánómaivíreas daonna	Trí instealladh thar shé mhí
14 go 18 mbliain d'aois	Teiteanas, diftéire is polaimiailíteas	Instealladh amháin

Más rud é gur chaill do pháiste cionn ar bith de na vacsaíní seo, ní bhíonn sé ró-dheireanach breith suas. Socraigh coinne le dochtúir an teaghlaigh nó le do chuairteoir sláinte.

Má tá tuilleadh eolais de dhíobháil ort fá dtaobh d'imdhíonadh, tadhaill ar láithreán Gréasáin na Roinne www.dhsspsni.gov.uk/immunisation nó ar an ghréasán Láithreán náisiúnta fá dtaobh d’imdhíonadh www.immunisation.nhs.uk

Produced by the **Public Health Agency** on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen’s Printer for Scotland.

02/10